

## **Foraithne ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte**

### **Iena leasaítear Foraithne na hAireachta Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte maidir le forfheidhmiú an Ghnímh um Alcól**

I gcomhréir le cinneadh na hAireachta um Ghnóthaí Sóisialta agus Sláinte, *Leasaítear* ailt 3.5, 6-8 agus 9(1), abairt réamhráiteach, (2), abairt réamhráiteach agus (3) den Fhóraithne maidir le Forghníomhú an Ghnímh um Alcól (158/2018); agus *Cuirtear* roinn nua 5a leis an bhForaithne, mar a leanas:

#### **Roinn 3**

##### *Ábhar ginearálta an phlean féinfhaireacháin maidir le deochanna alcólacha a riar*

Beidh an méid seo a leanas sa phlean féinfhaireacháin maidir le deochanna alcólacha a riar:

- 1) tuairisc ar an gcaoi a stóráiltear na deochanna alcólacha agus ar na saoráidí stórála;
- 2) tuairisc ar choincheap na bunaíochta ceadúnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, na tosaíochtaí agus na rioscaí faireacháin a bhaineann léi agus suíomh na bunaíochta ceadúnaithe;
- 3) tuairisc ar dhualgais ionadaí an cheadúnaí arna sannadh ag an gceadúnaí agus pleán maidir leis an líon foirne agus na dualgais maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtoirmeasc agus na n-oibleagáidí arna leagan síos in Ailt 35, 37 agus 38 den Ghníomh um Alcól agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtoirmeasc agus na n-oibleagáidí arna leagan síos in Ailt 35(1), 37(1) agus 38(5) den Ghníomh um Alcól ag aon phointe bailithe de bhun Ailt 17(5) den Ghníomh um Alcól, agus maidir le socrúithe slándála don bhunaíocht le linn na tréimhse freastail cheadaithe;
- 4) tuairisc ar eagrú gníomhaíochtaí miondíola agus ar chur chun feidhme socrúithe pointe díola ag an asraon miondíola agus, i gcás inarb infheidhme, ag pointí bailithe de bhun Airteagal 17(5) den Ghníomh um Alcól, má dhéanann an bhunaíocht cheadúnaithe díolacháin mhiondíola deochanna alcólacha freisin;
- 5) tuairisc ar an gcaoi a n-áiríthíonn an cheadúnaí go dtugtar deochanna alcólacha ar láimh do shealbhóir ceadúnais seachadta nó do dhuine atá ag gníomhú thar a cheann, agus conas is féidir leis an gceadúnaí ainm agus uimhir cheadúnais shealbhóir an cheadúnais seachadta alcóil a fhíorú ina dhiaidh sin i gcás ina dtugtar na deochanna alcólacha ar láimh lena seachadadh.

#### **Roinn 5**

##### *Plean féinfhaireacháin maidir le miondíol deochanna alcólacha*

Beidh an méid seo a leanas sa phlean féinfhaireacháin maidir le miondíol deochanna alcólacha:

- 1) tuairisc ar an gcaoi a stóráiltear na deochanna alcólacha agus ar na saoráidí stórála;
- 2) tuairisc ar choincheap an ghnó miondíola agus, i gcás inarb iomchuí, ar na tosaíochtaí faireacháin agus na rioscaí a bhaineann leis agus leis an asraon miondíola;

3) tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear deochanna alcólacha san asraon miondíola, mura gcuirtear na deochanna alcólacha go haonfhoirmeach ar sheilfeanna ná ar urrann a fhorchoimeádtar le haghaidh deochanna alcólacha amháin;

4) tuairisc ar eagrú na ngníomhaíochtaí miondíola agus ar chur chun feidhme na socrúithe pointe díola ag an asraon miondíola agus, i gcás inarb infheidhme, ag pointí bailithe de bhun Airteagal 17(5) den Ghníomh um Alcól;

5) tuairisc ar dhualgais ionadaí an cheadúnaí arna sannadh ag an gceadúnaí agus plean maidir leis an líon foirne agus na dualgais i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtoirmeasc agus na n-oibleagáidí a leagtar síos in Ailt 35, 37 agus 38 den Ghníomh um Alcól ag an asraon miondíola agus i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtoirmeasc agus na n-oibleagáidí arna leagan síos in Ailt 35(1), 37(1) agus 38(5) den Ghníomh um Alcól ag aon phointí bailithe de bhun Alt 17(5) den Ghníomh um Alcól;

6) tuairisc ar an mbeartas comhlíontachta maidir leis an teorainn ama chun deochanna alcólacha a dhíol;

7) tuairisc ar na socrúithe díolacháin agus ar láithriú na dtáirgí alcóil sa siopa de bhun Alt 55(2) den Ghníomh um Alcól, má dhíoltar na táirgí sin ag asraon miondíola;

8) tuairisc ar an gcaoi a n-áirithíonn an ceadúnaí go dtugtar deochanna alcólacha ar láimh do shealbhóir ceadúnais seachadta nó do dhuine atá ag gníomhú thar a cheann, agus conas is féidir leis an gceadúnaí ainm agus uimhir cheadúnais shealbhóir an cheadúnais seachadta alcóil a fhíorú ina dhiaidh sin i gcás ina dtugtar na deochanna alcólacha ar láimh lena seachadadh.

## Roinn 5a

### *Plean féinfhaireacháin maidir le deochanna alcólacha a sheachadadh*

Beidh an méid seo a leanas sa phlean féinfhaireacháin maidir le deochanna alcólacha a sheachadadh:

1) tuairisc ar choincheap an ghnó, ar an raon feidhme agus ar an réimse oibríochta;

2) tuairisc ar nósanna imeachta i gcásanna riosca éagsúla agus ar nósanna imeachta maidir le cad is ceart a dhéanamh nuair is gá diúltú na deochanna alcólacha a thabhairt ar láimh;

3) tuairisc ar chur chun feidhme rialuithe teorann aoise san oibríocht;

4) tuairisc ar na bearta a rinneadh chun cosc a chur ar thabhairt ar láimh nó ar chur ar aghaidh a bhfuil toirmeasc orthu faoin nGníomh um Alcól;

5) tuairisc ar na nósanna imeachta maidir le hamanna seachadta deochanna alcólacha a chomhlíonadh agus conas dul ar aghaidh mura bhfuil an faighteoir ar fáil nó mura féidir na deochanna alcólacha a sheachadadh laistigh d'amanna seachadta;

6) tuairisc ar chúraimí an phearsanra seachadta agus plean maidir lena líon agus lena gcúraimí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dtoirmeasc agus na n-oibleagáidí arna leagan síos in ailt 35a, 37 agus 38 den Ghníomh um Alcól i seirbhísí seachadta.

Coinneoidh sealbhóir ceadúnais seachadta alcóil taifead ar oiliúint teachtairí nua deochanna alcólacha agus ar fhíoruithe ar phasanna seachadta comhlánaithe.

## Roinn 6

### *Ábhar na tástála pas seirbhíse agus seachadta alcóil agus meastóireacht a dhéanamh uirthi*

Eagróidh ollscoil eolaíochtaí feidhmeacha nó institiúid oideachais de bhun alt 58(1) den Ghníomh um Alcól an tástáil pas seirbhíse, nach mór 30 ceist ar a laghad a bheith inti. Ní mór na ceisteanna tástála a bheith bunaithe ar na treoirlínte maidir le deochanna alcólacha a riar arna n-eisiúint ag Údarás Maoirseachta na Fionlainne. Ní mór a áireamh ar na saincheisteanna

sin, ar a laghad, forálacha den Ghníomh um Alcól maidir le toirmisc ar fhreastal, maoirseacht agus slándáil ag an bpearsanra, an bhunaíocht cheadúnaithe agus na huaireanta freastail.

Eagróidh institiúid oideachais de bhun Alt 58(2) den Ghníomh um Alcól tástáil pas seachadta, ina mbeidh 20 ceist ar a laghad. Ní mór na ceisteanna tástála a bheith bunaithe ar na treoirlínte maidir le deochanna alcólacha a sheachadadh arna n-eisiúint ag Údarás Maoirseachta na Fionlainne. Caithfidh na ceisteanna a bheith bunaithe ar fhorálacha an Ghnímh um Alcól ar a laghad maidir le toirmisc seachadta, maoirseacht ar sheirbhísí seachadta deochanna alcólacha, agus amanna seachadta.

Measfar go bhfuarthas pas sa tástáil má tá scór an scrúdaí cothrom le 80 faoin gcéad ar a laghad den uasmhéid.

#### Roinn 7

##### *Cáilíochtaí a fhreagraíonn don tástáil*

Measfar buncháilíocht in earnáil na bialainne agus na lónadóireachta, gairmcháilíocht i seirbhís custaiméara bialainne, agus cáilíocht ó Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha sa turasóireacht agus sa lónadóireacht de bhun Alt 58(1) den Ghníomh um Alcól a bheith coibhéiseach le críochnú na tástála pas freastail dá dtagraítear in Alt 6(1) thuas má áirítear inniúlacht sna réimsí ábhair a chumhdaítear leis an tástáil sa cháilíocht.

#### Roinn 8

##### *Deimhniú arna eisiúint in Åland a cheadú*

Deimhniú arna eisiúint ag institiúid oideachais atá bunaithe in Åland agus a chuireann oiliúint ar fáil in earnáil na mbialann lena bhfianaítear eolas ar na forálacha maidir le deochanna alcólacha a dhíol, aithneofar é mar phas freastail de réir bhrí ailt 57(2) agus 58(1) den Ghníomh um Alcól.

#### Roinn 9

##### *Fógraí agus faisnéis a chur faoi bhráid na n-údarás ceadúnúcháin*

Cuirfidh monaróir, mórdhíoltóir agus allmhaireoir deochanna alcólacha an méid seo a leanas faoi bhráid Údarás Maoirseachta na Fionlainne:

-----

Ní mór do mhonaróir, díoltóir agus allmhaireoir biotáille an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Údarás Maoirseachta na Fionlainne:

-----

Tuairisceoidh sealbhóir ceadúnais miondíola alcóil uair sa bhliain don údarás ceadúnúcháin luach a dhíolachán deochanna alcólacha agus táirgí bia, cainníocht agus luach na ndeochanna alcólacha seachadta, agus na ceadúnaithe seachadta alcóil a úsáidtear. Tuairisceoidh sealbhóir ceadúnais riartha alcóil dhá uair sa bhliain don údarás ceadúnúcháin luach na ndeochanna

alcólacha a riartar agus líon a phearsanra, chomh maith le cainníocht agus luach a mhiondíola deochanna alcólacha má oibríonn an bhunaíocht cheadúnaithe pointe bailithe. Ina theannta sin, ní mór do shealbhóir ceadúnais freastail fógra a thabhairt don údarás ceadúnúcháin dhá uair sa bhliain faoi chainníocht agus luach na ndeochanna alcólacha a fhaightear de bhun Alt 46(2) den Ghníomh um Alcól.

---

Tiocfaidh an Fhóraithne seo i bhfeidhm an [dáta] [mí] 20xx.

Heilsincí xx xx 20xx

An tAire Slándála Sóisialta Sanni Grahn-Laasonen

Speisialtóir Sinsearach Saara Karttunen